Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Aibreán 2025**
**(OR. en)**

**7598/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0276(CNS)**

**ECOFIN 367**
**FISC 85**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais ('DAC9')<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 28 Deireadh Fómhair 2024, d'eisigh an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais ('DAC9')[1].

2. Is é príomhchuspóir an togra reachtaigh seo forálacha sonracha de Threoir (AE) 2022/2523 ón gComhairle an 15 Nollaig 2022 maidir le híosleibhéal domhanda cánachais a áirithiú do ghrúpaí ilnáisiúnta fiontar agus do ghrúpaí mórscála intíre san Aontas[2] (Treoir Cholún a Dó) a chur i bhfeidhm. Go háirithe, baineann sé sin le hAirteagal 44 de Threoir Cholún a Dó, lena leagtar amach oibleagáid ar eintitis comhdaithe grúpaí ilnáisiúnta fiontar agus grúpaí mórscála intíre an tuairisceán faisnéise maidir le cáin bhreisiúcháin a chomhdú. Chun an tuairisceán faisnéise maidir le cáin bhreisiúcháin a chomhdú, ní mór teimpléad caighdeánaithe a úsáid.

[1] 15004/24 + ADD1.
[2] IO L 328, 22.12.2022, lgh. 1–58, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2523/oj.

3. Bainfear an cuspóir sin amach tríd an Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais (‘DAC9’), tríd an méid seo a leanas:

   (a) foirm chaighdeánach TTIR atá le comhdú a leagan amach, agus

   (b) Treoir 2011/16/AE a fhorlíonadh le forálacha lena leagtar síos creat chun malartú na dtuairisceán faisnéise maidir le cáin bhreisiúcháin a éascú idir údaráis chánach na mBallstát.

4. Tar éis obair ullmhúcháin,[3] tháinig an Chomhairle (ECOFIN), ag an gcruinniú a bhí aici an 11 Márta 2025, ar chomhaontú polaitiúil maidir le téacs na dréacht-Treorach[4], d’fhonn an Treoir a ghlacadh, faoi réir athbhreithniú dlítheangeolaíoch.

5. Cuireadh an ráiteas ón gComhairle agus an ráiteas ón gCoimisiún isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin den Chomhairle.[5]

6. Glacadh an tuairim ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an togra reachtach seo an 12 Feabhra 2025.[6] Foilsíodh an tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 26 Feabhra 2025.[7]

7. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle an gníomh reachtaigh seo, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air, a ghlacadh mar mhír ‘A’ ar chlár oibre cheann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo:

   - Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais, a leagtar amach in 6963/25 ECOFIN 267 FISC 60.

---

[3] 6760/25 + ADD1.
[4] 6845/25.
[5] 7009/25, leathanach 3, pointe 4 agus an Iarscríbhinn.
[6] P10_TA(2025)0013 (féach 5822/25 freisin).
[7] 6949/25.